Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Aibreán 2022**
**(OR. fr)**

**7715/22**

**COH 24**
**FIN 377**
**ENER 108**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5463/22 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 02/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: 'Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair - Roinnt coigiltis ar fhuinneamh, ach laigí i bpleanáil agus roghnú tionscadal'<br>- Formheas |

1. An 21 Eanáir 2022, fuair Ardrúnaíocht na Comhairle Tuarascáil Speisialta Uimh. 02/2022 dar teideal 'Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair: Roinnt coigiltis ar fhuinneamh, ach laigí i bpleanáil agus roghnú tionscadal'.

2. De bhun na rialacha a leagtar síos sna Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an scrúdú a dhéantar ar thuarascálacha speisialta arna dtarraingt suas ag an gCúirt Iniúchóirí[1], d'ordaigh Coiste na mBuanionadaithe, ag an gcruinniú a bhí aige an 26 Eanáir 2022, don Mheitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiún is Forimeallaí scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil sin i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sna conclúidí thuasluaite.

[1] 7515/00 FIN 127 + COR 1.

3. Chuir an Chúirt Iniúchóirí an tuarascáil i láthair ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí an 8 Feabhra 2022. Scrúdaíodh na dréachtchonclúidí ón Uachtaránacht ag cruinnithe na Meithle sin an 22 Feabhra 2022[1] agus an 22 Márta 2022[2]. Chomhaontaigh an Mheitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí na conclúidí sin an 22 Márta 2022[3].

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle na conclúidí sin ón gComhairle, mar a leagtar amach in 7715/22 ADD 1 iad, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[1] WK 2191/22.
[2] WK 2191/1/22 ADD 1 REV 1.
[3] WK 4565/22.